CINNEADH (CBES) 2023/577 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Márta 2023

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1), 41(2), 42(4) agus 30(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, le tacaíocht ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2022, chomhaontaigh an Chomhairle gur cheart uasteorainn fhoriomlán airgeadais na Saoráide Eorpaí Síochána ("an tSaoráid") a mhéadú EUR 2 000 milliún (i bpraghsanna 2018) in imeacht na mblianta ó 2024 go 2027. Agus an méadú sin á cur chun feidhme, tá uasteorainn na n-íocaíochtaí a comhaontaíodh do 2023 le hurramú. D'admhaigh an Chomhairle freisin go bhféadfadh sé gur ghá uasteorainn fhoriomlán airgeadais na Saoráide go dtí 2027 a mhéadú a thuilleadh de bharr athruithe sa timpeallacht slándála idirnáisiúnta. Is í an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil, a chinnfidh ar aon mhéadú breise atá le déanamh agus leagfar síos i leasú ar Chinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle ([1]) é. Níl an méadú foriomlán iomlán ar uasteorainn airgeadais na Saoráide go dtí 2027 le dul thar EUR 5 500 milliún (i bpraghsanna 2018).

(2) Sna conclúidí uaithi an 15 Nollaig 2022, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach gné dhomhanda na Saoráide agus ba dhíol sásaimh di an comhaontú sa Chomhairle an 12 Nollaig 2022 chun a hinbhuanaitheacht airgeadais a áirithiú.

(3) Sa Chompás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint, a d'fhormheas an Chomhairle an 21 Márta 2022, iarrtar go ndéanfaí athmheasúnú faoi 2023 ar raon feidhme agus sainmhíniú na gcostas coiteann chun dlúthpháirtíocht a fheabhsú agus rannpháirtíocht i misin agus oibríochtaí míleata a spreagadh, chomh maith le costais a bhaineann le cleachtaí, i bhfianaise freisin tograí maidir le hacmhainneacht mhear-imscartha an Aontais. Tá maoiniú chostas incháilithe Fhreachnamh Míleata an Aontais um Bainistiú Géarchéime 2023 (MILEX 2023), le méid suas le EUR 5 000 000, gan dochar do chinntí a dhéanfar amach anseo maidir le costais choiteanna a mhaoiniú.

(4) Mar gheall ar an taithí a fuarthas ó glacadh Cinneadh (CBES) 2021/509, is gá níos mó solúbthachta a thabhairt isteach maidir le bailiú agus úsáid rannchuidithe airgeadais ó na Ballstáit agus maidir leis an gcaoi a n-úsáideann an tSaoráid iad, go háirithe trí fháil agus úsáid réamh-ranníocaíochtaí a cheadú. Ní dhéanann rannchuidithe a roghnaíonn Ballstát a íoc roimh ré difear do mhéid na rannchuidithe atá dlite ón mBallstát sin nó ó Bhallstáit eile, ná do chumas na Saoráide a spriocanna a bhaint amach. Ní féidir réamh-rannchuidithe den sórt sin a chur in áirithe d'aon chuspóir sonrach.

(5) Ina theannta sin, tá gá le níos mó solúbthachta a thabhairt isteach trí chur leis an úsáid a bhaintear as an luathmhaoiniú le haghaidh beart cúnaimh faoi údarú an Choiste um an tSaoráid. Ní úsáidfear rannchuidithe le luathmhaoiniú ó Bhallstát chun bearta cúnaimh a mhaoiniú, ar bearta iad óna staonann an Ballstát sin i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Chinneadh (CBES) 2021/509.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2021/509 a leasú dá réir,

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Síochána Eorpach, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14)

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 mar a leanas:

1. in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. EUR 7 979 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san uasteorainn airgeadais chun an tSaoráid a chur chun feidhme sa tréimhse 2021 go 2027.";

2. in Airteagal 4, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

"(g) ciallaíonn 'freachnamh' freachnamh míleata CBSC de chuid an Aontais nó an ghné mhíleata d'fhreachnamh sibhialtach CBSC, a dhéantar i gcomhréir le Beartas Freachnamh an Aontais Eorpaigh faoi CBES.";

3. in Airteagal 17, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"3a. De mhaolú ar mhír 3 den Airteagal seo, féadfaidh gach riarthóir a mholadh don Choiste leithreasuithe breise faoi chomhair gealltanas a bhaineann le híocaíochtaí arna maoiniú le réamh-rannchuidithe, dá dtagraítear in Airteagal 29(15), a iontráil i dteidil an bhuiséid faoi fhreagracht na riarthóra sin do bhliain ar leith, chun riachtanais cur chun feidhme gan choinne a chumhdach. Déanfar na leithreasuithe breise faoi chomhair gealltanas arna n-iontráil sa bhuiséad a bhaint as na huasteorainneacha airgeadais bliantúla sna blianta amach romhainn.";

4. in Airteagal 26, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8:

"8. Ní rachaidh rannchuidithe na mBallstát in aon bhliain ar leith thar a sciar faoi seach den uasteorainn íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 25(2). Ní bheidh feidhm ag an teorainn sin maidir le rannchuidithe breise de bhun mhír 7 den Airteagal seo a eascraíonn as staonadh ó bhearta cúnaimh i mblianta roimhe sin, nó maidir le réamh-rannchuidithe dá dtagraítear in Airteagal 29(15).";

5. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 28:

"*Airteagal 28*

Luathmhaoiniú

1. Beidh córas íostaiscí ag an tSaoráid chun luathmhaoiniú a chur ar fáil d'oibríochtaí mearfhreagartha de chuid an Aontais agus do bhearta práinneacha dá dtagraítear in Airteagal 58 agus, faoi réir údarú roimh ré ón gCoiste, do bhearta cúnaimh aonair, i gcás nach mbeidh cistí leordhóthanacha ar fáil agus nach bhféadfaí, leis an ngnáthnós imeachta chun rannchuidithe a bhailiú, freastal ar na riachtanais in am trátha. Bainisteoidh gach riarthóir faoi seach na híostaiscí.

2. Tar éis moltaí a fháil ón riarthóir, déanfaidh an Coiste méid na n-íostaiscí a chinneadh, agus a athbhreithniú de réir mar is gá.

3. Chun críoch luathmhaoiniú na n-íostaiscí, déanfaidh na Ballstáit ceachtar díobh seo a leanas:

(a) rannchuidithe a íoc leis an tSaoráid roimh ré; nó

(b) nuair a dhéanfaidh an Chomhairle cinneadh oibríocht mhearfhreagartha a sheoladh, ar oibríocht í sin lena rannchuidíonn siad, nó nuair a fhormheasfaidh sí beart práinneach, nó nuair a údaraíonn an Coiste an córas íostaiscí a úsáid le haghaidh beart cúnaimh aonair de bhun mhír 1, agus nuair is gá dul i muinín na híostaisce, rannchuidithe a íoc laistigh de 10 lá tar éis sheoladh an ghlao, ar leibhéal mhéid tagartha na hoibríochta mhearfhreagartha nó chostas údaraithe an bhirt phráinnigh nó an bhirt cúnaimh aonair, mura gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt.";

6. in Airteagal 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

"9. Déanfar aon chuid a úsáidtear de na réamh-rannchuidithe leis na híostaiscí a athshlánú trí rannchuidiú na mBallstát ábhartha a mhéadú sa chéad ghnáthghlao eile ar rannchuidithe, mura rud é go mbeidh a rannchuidiú athshlánaithe acu roimhe sin. Má tá gá le dul i muinín na híostaisce agus mura bhfuil a rannchuidiú athshlánaithe ag na Ballstáit lena mbaineann idir an dá linn, íocfaidh siad an méid is gá, más ann, laistigh de 10 lá, de bhun Airteagal 28(3), pointe (b)."

7. in Airteagal 29, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"15. Sa bhreis ar na híocaíochtaí a dhéanfar tar éis glao ar rannchuidithe arna eisiúint i gcomhréir leis an Airteagal seo, féadfaidh Ballstát, ar bhonn deonach agus i gcomhar leis an riarthóir freagrach, réamh-rannchuidithe a íoc i mbliain airgeadais ar leith. I gcás den sórt sin, cuirfidh an Ballstát a sholáthraigh an réamh-rannchuidiú in iúl, i gcomhar leis an riarthóir freagrach, na blianta airgeadais ar ina leith a dhéanfar an méid sin a bhaint as a ranncuidithe amach anseo.";

8. in Airteagal 73, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"9. Is é EUR 5 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais do chostais choiteanna Fhreachnamh Míleata an Aontais um Bainistiú Géarchéime 2023 (MILEX 23). Anuas ar na costais choiteanna atá incháilithe d'fhreachnaimh de bhun Airteagal 45, beidh na costais incriminteacha seo a leanas arna dtabhú chun tacaíocht a sholáthar don cheanncheathrú agus do na fórsaí atá rannpháirteach sa fhreachnamh incháilithe don fhreachnamh sin ar bhonn eisceachtúil:

(a) iompar, mar a léirítear in Iarscríbhinn IV do Bhuíon chatha an Aontais, lena n-áirítear dá cumasóirí straitéiseacha, agus laistigh de láthair ionsamhlaithe na n-oibríochtaí, beairicí sealadacha agus lóistín sealadach.

(b) oibreacha imscartha/bonneagair shealadaigh: caiteachas fíor-riachtanach don cheanncheathrú agus do na fórsaí atá rannpháirteach sa fhreachnamh chun a chuspóir a bhaint amach.

(c) comharthaí sainaitheantais: comharthaí sainaitheantais ar leith, cártaí aitheantais ar a bhfuil 'an tAontas Eorpach' marcáilte, suaitheantais, boinn, bratacha i ndathanna an Aontais nó comhartha sainaitheantais Fhórsa nó cheanncheathrún eile (seachas éadaí, hataí nó éidí).

(d) costais reatha: costais incriminteacha do sheirbhísí atá ríthábhachtach chun tacaíocht dhíreach a thabhairt d'imscaradh ag pointí iontrála aeir agus/nó muirí agus ag limistéir lóistíochta agus thionóil."

9. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I:

"IARSCRÍBHINN I

UASTEORAINNEACHA AIRGEADAIS BLIANTÚLA

Údarófar na leithreasuithe bliantúla laistigh de theorainneacha na méideanna seo a leanas, gan dochar d'Airteagal 17(3) agus (3a) agus faoi réir Airteagal 73(2):

Praghsanna reatha, i milliúin euro

	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
Praghsanna reatha	399	591	980	1 800	1 375	1 400	1434"

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Márta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. PEHRSON